**Leasú 437**
**Elsi Katainen, Emma Wiesner, Camilla Laureti, Hildegard Bentele, Jan-Christoph Oetjen, Ondřej Knotek, Martin Hlaváček, Ondřej Kovařík, Brando Benifei, Herbert Dorfmann, Moritz Körner, Susana Solís Pérez, Marian-Jean Marinescu, Lucia Vuolo, Andreas Glueck, Massimiliano Salini, Alessandra Mussolini, Stefania Zambelli, Pietro Bartolo, Daniela Rondinelli, Elisabetta Gualmini, Hilde Vautmans, Miapetra Kumpula-Natri, Bert-Jan Ruissen, Mercedes Bresso, Pirkko Ruohonen-Lerner, Teuvo Hakkarainen, Anna Zalewska, Nicola Danti, Mauri Pekkarinen, Karin Karlsbro, Fulvio Martusciello, Abir Al-Sahlani, Patrizia Toia, Lara Comi, Achille Variati, Salvatore De Meo, Eero Heinäluoma, Alessandra Moretti, Ulrike Müller, Paolo De Castro, Peter Liese, Giuseppe Ferrandino, Henna Virkkunen, Sandro Gozi, Irene Tinagli, Pina Picierno, Petri Sarvamaa**

**Tuarascáil** **A9-0319/2023**
**Frédérique Ries**
Pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht
(COM(2022)0677 – C9-0400/2022 – 2022/0396(COD))

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 22 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Ní chuirfidh oibreoirí eacnamaíocha pacáistíocht ar an margadh sna formáidí agus chun na gcríoch a liostaítear in Iarscríbhinn V. | 1. ***Ón 1 Eanáir 2030,*** ní chuirfidh oibreoirí eacnamaíocha pacáistíocht ar an margadh sna formáidí agus chun na gcríoch a liostaítear in Iarscríbhinn V ***ach amháin más amhlaidh an méid seo a leanas:*** |
| | ***(a) tá an cur ar an margadh sin i gcomhréir le hAirteagal 4(2) de Threoir 2008/98/CE; agus*** |
| | ***(b) is féidir le hoibreoirí eacnamaíocha bailiú éifeachtach a léiriú chun na formáidí pacáistíochta sin a athchúrsáil, ar bhonn an phríomhábhair phacáistíochta, 85 % ar a laghad de réir meáchain faoi 2028 agus gach bliain ina dhiaidh sin.*** |

Or. en

*Réasúnú*

*Foráiltear leis an Treoir Réime Dramhaíola go bhféadfadh sé go mbeadh gá le sruthanna sonracha dramhaíola chun imeacht ón ordlathas chun an toradh foriomlán is fearr a bhaint*

*amach ó thaobh an chomhshaoil de agus a bhfuil bonn cirt leis de bharr smaointeoireacht saolré. Ba cheart cur i bhfeidhm cuí an ordlathais, mar a shainítear sa Treoir Réime Dramhaíola, a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach ar fud an Rialacháin, agus na féidearthachtaí a bhaineann le bailiú éifeachtach le haghaidh athchúrsála á gcur san áireamh ag an am céanna. Leis an dá choinníoll sin le chéile, tugtar údar cuí d'úsáid na bhformáidí a liostaítear in Iarscríbhinn V.*